



Fáilte go hEagrán 15 de Nuashonrú FMS - an ríomhfheasachán FMS d'iar-bhunscoileanna. Tá na heagráin uile roimhe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin FMS [anseo](https://www.schoolself-evaluation.ie). Bhí an téarma seo thar a bheith dúshlánach do scoláirí, múinteoirí, príomhoidí agus pobail scoile uile. **De bharr tréan-iarrachtaí príomhoidí, mhúinteoirí agus pháirtithe eile sna pobail scoile, tá éirithe le scoileanna feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtach, agus tá éirithe le scoláirí athchaidreamh a dhéanamh lena gcairde, sócrú isteach ar scoil agus dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama.** Léiríonn idirghníomhú na Cigireachta le scoileanna i rith an téarma seo trí sheisiúin chomhairleacha agus suirbhéanna comhthiomantas, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht scoileanna sa chaoi ina ndeachaigh siad i ngleic le dúshlán na scoilbhliana 2020/21. Leagann an ríomhfheasachán FMS seo amach roinnt smaointe agus táthar ag súil leis go mbeidh siad úsáideach do scoileanna an téarma seo chugainn. Mar is gnách, cuirimid fáilte roimh bhúr dtuairimí faoin FMS ar ar féidir leat a sheoladh chuig info@schoolself-evaluation.ie

Cén fáth a bhfuil FMS cabhrach dom anois?

Baineann croílár an phróisis FMS le cumhacht a thabhairt do scoileanna féachaint ar an gcaoi a múineann siad scoláirí agus ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn scoláirí. Cabhraíonn sé le scoileanna athruithe beaga ach fiúntacha a dhéanamh chun torthaí d'fhoghlaimoirí a fheabhsú.

Soláthraítear le FMS deis chun machnamh a dhéanamh ar na rudaí a d'oibrigh, ar na rudaí nár oibrigh, agus cé dó ar oibrigh nó nár oibrigh siad. Trí bheith ag plé leis an bpróiseas FMS, tugtar deis dúinn machnamh criticiúil a dhéanamh ar an soláthar reatha agus ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí. Éascaíonn sé dúinn réimsí a shainaithint i gcomhair a bhféadfaí a fheabhsú chun leasa eispéiris agus torthaí foghlama na scoláirí. Tugann sé deis freagairt go solúbtha do dhúshlán de réir mar a thagann siad chun cinn - rud atá an-ábhartha, go háirithe ag an am eisceachtúil seo.



Úsáidí praiticiúla FMS san am i láthair

- Tá FMS in ann tacú le múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a sanntar obair bhaile agus conas a sholáthraíonn siad aiseolas ar an obair sin. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin machnamh ar na scoileanna digiteacha atá ag scoláirí agus múinteoirí agus an rochtain atá acu ar theicneolaíochtaí digiteacha.
- Fiú nuair a bhíonn scoláirí i gcéin go físiúil, is féidir comhoibriú a éascú de réir mar a bhíonn scoláirí ag éisteacht le smaointe a bpiaraí, ag freagairt dóibh agus ag obair leo agus an scaradh físiúil sin á choimeád acu fós. Is féidir le FMS tacú le múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun réimse leathan d'eispéiris ghníomhacha, chomhoibríocha foghlama a sholáthar do scoláirí.
- Is féidir le FMS cabhrú freisin leis an gcaoi a ndéanann múinteoirí cumarsáid leanúnach le tuismitheoirí a oiriúnú. Soláthraítear faisnéis phraiticiúil sa doiciméad treorach [Ag Tacú le Comhoibriú le Tuismitheoirí](#) d'fhonn tacú le scoileanna sa réimse sin. Ag teacht le comhairle sláinte poiblí chun teagmhálacha sóisialta a laghdú, d'fhéadfaí na roghanna eatarbhacha a leanas a úsáid chun a chinntiú go ndéantar cumarsáid leanúnach le tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí le linn COVID-19 amháil: (i) tuarascálacha breise; (ii) glaonna teileafóin; (iii) físchomhdháil. Déanfaidh an comhairliúchán ar leibhéal na scoile maidir leis an rogha/na roghanna is oiriúnaí chun teagmháil le tuismitheoirí a chumasú.



Roinnt pointí praiticiúla le meabhrú ...

- Smaoinigh ar an bhfaisnéis atá agat cheana féin.** Mar shampla, cad atá ar eolas againn cheana faoin gcaoi a ndearna múinteoirí a gcuid teagaisc a oiriúnú agus cé chomh maith agus atáimid ag freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí?
- Smaoinigh ar an mbealach is fearr le tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí a ghabháil freisin.** Cuimhnigh gur príomhghné d'fheinnmheastóireacht scoile í labhairt leis na foghlaimoirí, agus lena dtuismitheoirí, a dtuairimí a fháil ar an bhfoghlaím, ar an mbealach is fearr a fhoghlaimíonn na scoláirí, agus ar an gcaoi ar féidir leis an scoil oibriú chun tacú leo san fhoghlaím sin.

Tá an-chur amach ag scoileanna ar na príomhchéimeanna sa phróiseas féinnmheastóireachta scoile

1. Fócas a shainaithint. Tacóidh an treoir is déanaí ón Roinn Oideachais leat machnamh a dhéanamh ar théama a bhaineann le do chomhthéacs áirithe féin.

2. Díriú ar fhaisnéis atá ar fáil cheana féin, mar shampla faisnéis ó thuismitheoirí, ó scoláirí agus ó bhaill foirne atá ábhartha do do théama áirithe.

3. Déan anailís agus déan breithiúnais. Tabhair tosaíocht don réimse le haghaidh a thabhairt air (Ag Breathnú ar an Scoil Againne) agus luaigh an feabhsúchán atá ag teastáil.

4. Comhaontaigh na gníomhaíochtaí atá beartaithe, scríobh an tuarascáil agus an plean feabhsúcháin. Déan an dá rud a roinnt le do phobal scoile.

5. Cuir an plean feabhsúcháin i ngníomh agus déan cinnte go bhfuil gach duine ar an eolas maidir lena ról i ndáil le tacú le feabhsúchán.

6. Déan daoine a shainaithint chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun an tionchar i gcoinne critéar ratha a mheas.




FMS agus Folláine

Is tosaíocht dúinn uile an **t-oidreachas um fholláine** agus is féidir é a chur chun cinn tríd an bpróiseas FMS. Is féidir le FMS cabhrú le scoil freisin aghaidh a thabhairt ar na dúshlán folláine a thagann chun cinn don fhoireann nó d'fhoghlaimoirí. Is tairbhí **cur chuige ilchomhpháirteach, coiscitheach, scoile uile** d'fhonn an fholláine a chur chun cinn. Cuimsítear leis sin gach ball de phobal na scoile ag comhoibriú chun réimsí ar leith de shaol na scoile a théann i bhfeidhm ar fholláine a athrú agus a fheabhsú. Beidh an chéad Nuachtlitr FMS eile dírithe ar conas an próiseas FMS a úsáid chun Folláine a fhorbairt. Idir an dá linn, seo roinnt smaointe lena mbreithníú:

- Cuir tús le d'fhócas trí sholáthar churaclam OSPS a fhorbairt faoi phríomhréimse an Churaclaime (Teagasc agus Foghlaim) ón **gCreat Cleachtais um Fholláine**.
- Úsáid na ráitis ar chleachtas éifeachtach atá sa Chreat Folláine chun do bheartas OSPS a athbhreithniú, faoin bpríomhréimse maidir le Polasáí agus Pleanáil nó
- Úsáid na ráitis ar chleachtas éifeachtach sa Chreat chun machnamh a dhéanamh ar réimsí eile a thagann faoi phríomhréimsí Cultúir agus Comhshaoil nó Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí.

Coinnigh an fócas tosaigh ar phríomhréimse amháin ionas gur féidir aird chuí a thabhairt air.



FMS agus DEIS

Is ionann plean gníomhaíochta DEIS scoile agus plean feabhsúcháin scoile chun críocha FMS; níl aon phlean breise nó plean ar leithligh riachtanach.

Ba chóir do scoileanna DEIS:

- leanúint dá bpleanáil gníomhaíochta DEIS ar fud príomhthéamaí DEIS ag baint úsáid as próiseas sé chéim na féinmheastóireachta scoile.
- ar bhonn na fianaise a bailíodh, díriú ar a gcuid acmhainní, idirghabhálacha agus tacaíochtaí sonracha ar na scoláirí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a bplean DEIS; tá sé sin ríthábhachtach chun eolas a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfadh sé go gcaithfear spriocanna agus idirghabhálacha a choigeartú.

Is féidir le scoileanna atá ag deireadh timthriall trí bliana i bpleanáil DEIS a bplean a leathnú go ceann bliana eile ach ba cheart go leanfaidís ag pleanáil ar fud théamaí uile DEIS. Ní cheanglaítear ar scoileanna DEIS pleananna gníomhaíochta breise a ullmhú do na trí théama nua DEIS a tugadh isteach in 2017: ceannaireacht, forbairt ghairmiúil leanúnach agus folláine. Ba chóir do scoileanna príomhghníomhaíochtaí a bhaineann leis na téamaí sin a chomhtháthú ina bpleananna DEIS atá ann cheana.

Tréimhse FMS a shíneadh

Tugann **Ciorclán 0041/2020** breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir le scoileanna páirt a ghlacadh san fhéinmheastóireacht scoile sa scoilbhliain reatha:

Ba chóir do scoileanna FMS a úsáid chun:

- aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhíonn rompu ó lá go lá agus/nó
- obair a thabhairt chun críche ar na gnéithe den teagasc agus den foghlaim a roghnaigh siad mar fhócas dá bhféinmheastóireacht scoile sa tréimhse 2016-2020.



Cé nár cheart go mbeadh fócas FMS ar an bpáipéarachas a bhíonn le comhlánú, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach do scoileanna na spriocanna/gníomhaíochtaí atá ann cheana a choigeartú nó a athchóiriú, nó cinn bhreise a áireamh, más gá.

Ba cheart príomhchinní a thaifeadh ar bhealach atá faisnéiseach agus fiúntach do phobal na scoile.

Tacaíochtaí agus acmhainní breise a úsáid

- Déantar an leathanach tiomnaithe atá ar shuíomh na Roinne, Filleadh ar an Scoil, a nuashonrú go rialta agus is suíomh ilfhreastail é le haghaidh comhairle agus treorach. Is féidir leat teacht air [anseo](#).
- Tá sraith faisnéise agus tacaíochtaí curtha le chéile ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais atá an-úsáideach le linn na tréimhse reatha seo.
- Is seirbhís tacaíochta rúnda agus saor in aisce í an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe '**Folláine le Chéile**' atá ar fáil do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile na scoile.
- Ar deireadh, leanann an Chigireacht ar aghaidh ag gabháil do sheisiúin chomhairleacha le scoileanna maidir le réimsí amhail folláine, timpeallacht shábháilte foghlama a chur chun cinn, agus teagasc, foghlaim agus measúnú. Beidh cigirí ar fáil freisin ach iad a iarraidh chun cuairteanna comhairleacha FMS a sholáthar. Mura raibh seisiún comhairleach agat go dtí seo agus dá mba mhaith leat ceann a shocrú, déan teagmháil le info@schoolself-evaluation.ie

Pleanáil don chéad chéim eile de FMS

Tá an chéad timthriall eile de FMS 2021-2024 beartaithe anois le tosú i mí Mheán Fómhair 2021.

Roimhe sin, rachaidh an Roinn agus a Cigireacht i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear príomhoidí, ceannairí scoile agus múinteoirí.

Tabharfaidh sé sin deis an-luachmhar chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag obair go maith, cad é an chéad fhócas eile a d'fhéadfadh a bheith ag FMS, agus na bearta breise ba cheart a dhéanamh chun tacú le húsáid FMS.

Tosóidh an comhairliúchán i mí Eanáir 2021. Beidh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin FMS

[anseo](#).